

Iarratas ar Chlárúchán le haghaidh na Cánach Carbóin
ar Bhreosla SoladachAinm Iomlán:
(Bloclitreacha) Ainm Trádála:
(Bloclitreacha) Seoladh: (Bloclitreacha)
(Eircode san áireamh) Seoladh Gnó:
(Eircode san áireamh)
(féach Nóta 1) Duine Teagmhála: Uimhir Fóin: Seoladh ríomhphoist:

Uimhreacha Tagartha Cánach: (Cuir isteach na huimhreacha cuí)

Cáin Bhreisluacha: (Uimhir CBL) Uimhir Cánach Corparáide: Uimhir Cánach Ioncaim / Eile: I mbun breosla soladach a mhonarú? (Cuir isteach sa bhosca cuí) Tá Níl Clárúchán Éifeachtach Ó:

Déanaim iarratas leis seo, de réir Alt 80 den Acht Airgeadais, 2010, an soláthraí thuasluaite a chlárú chun críocha na Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach. Dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha agam san iarratas seo cruinn ar gach slí.

Síniú: Síniú údaraithe (féach Nóta 2)Ainm:
(Bloclitreacha) Cáil:
(féach Nóta 2) Dáta:

Ba chóir cóip scanta de d'Fhoirm SFCT-reg comhlánaithe a sheoladh trí **M'Fhiosruithe**.

Más custaiméir ÍMAT thú, féadtar teacht ar M'Fhiosruithe trí **mochúrsaí**. Más custaiméir gnó thú, is trí ROS a thiocfaidh tú ar M'Fhiosruithe.

Áis ar líne é **M'Fhiosruithe**, a ligeann do chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas ríomhphost a úsáid. Tá tuilleadh eolais faoi M'Fhiosruithe le feiceáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar <https://www.revenue.ie/ga/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx>.

Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist.

De rogha air sin, féadtar foirm páipéir chomhlánaithe a sheoladh chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An tAonad Cánacha Seirbhísí agus Idirbheart, Oifigí an Rialtais, Lána an Mhuilinn, Lios Tuathail, Co. Chiarraí, V31 VF20.

Nótaí chun an fhoirm seo a chomhlánú

1. Cuir seoladh an ghnó ina bhfuil na taifid chánach á choinneáil ar fáil, murab ionann é agus an seoladh poist.
2. Ní mór don fhoirm chlárúcháin a bheith sínithe ag an soláthraí lena mbaineann nó ag an duine údaraithe i gcomhréir le Rialachán 13 de Rialachán na Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach, 2013, Uimhir I.R. 191 de 2013. Ní mór don duine sin an post atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla rúnaí na cuideachta, stiúrthóir na cuideachta, páirtneír, srl. de réir mar is cuí.
3. I gcás athrú do na sonraí a cuireadh ar fáil, faoi Rialachán na Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach 2013, ní mór don soláthraí na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an athrú agus í a sheoladh chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An tAonad Cánacha Seirbhísí agus Idirbheart, Oifigí an Rialtais, Lána an Mhuilinn, Lios Tuathail, Co. Chiarraí.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Féadtar teacht ar ag www.revenue.ie. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.